# Cócaon agus Contúirt

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi úsáid drugaí sa tír seo. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

| | |
|---|---|
| Investigating | - - b - - f - - - - - - t h - |
| Stable condition | b - - l s - - - - m - - - - |
| A youth | - - á - - - - |
| Unconscious | g - - a - - - - - g - - u - - - - - - - |
| Widespread | - - - - - - l - - t - - - |
| Investigation | - - - - - ú - - á - |
| Scarcity | - - n - t - n - - |
| mixture | - - - - - - n |

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

**Ceist 2** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad é atá ar eolas agat faoin druga cócaon?
Ar cheart do dhrugaí áirithe a bheith dleathach, mar atá in Amstardam mar shampla?
Cad é an réiteach atá ar fhadhb na ndrugaí in Éirinn, dar leat?

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a tharla don bheirt fhear?
2. Cad atá le rá ag an Dr. Niall Ó Cléirigh?
3. Cén fáth a luadh an clár *Prime Time* ar an tuairisc?
4. Cad atá le rá ag an Aire Stáit Pat Carey?

**Ceist 4** ‘*ar fud na cathrach*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Féach ar na habairtí seo thíos agus athraigh na focail idir lúibíní más ga:

1. le linn: Chaith mé a lán airgid le linn (an tsaoire) _____.
2. in aice: Is breá liom a bheith in aice (an fharraige) _____.
4. ar feadh: Beidh mé sa Fhrainc ar feadh (an mhí) _____.
5. os comhair: Tá mo charr os comhair (an teach) _____.
6. tar éis: Mothaím i bhfad níos fearr tar éis (an comhrá) _____ a bhí againn.
7. os cionn: Fágfaidh mé an eochair duit os cionn (an doras) _____.
8. i gceann: Beidh mé ar laethanta saoire i gceann (coicís) _____.
9. ó thaobh: Bhí an ceart iomlán ag Pól ó thaobh (an aimsir) _____ de.
10. ar bord: Bhí orm mo ghuthán póca a mhúchadh mar bhí mé ar bord (an t-eitleán) _____.

**Ceist 5** Scríobh féin agus an duine in aice leat cuntas gairid ar an tuairisc anois. Bain úsáid as na focail faoi cheist 1 le cuidiú libh.

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| Investigating | i mbun fiosraithe |
| Stable condition | bail sheasmhach |
| A youth | ógánach |
| Unconscious | gan aithne gan urlabhra |
| Widespread | go forleathan |
| Investigation | fiosrúchán |
| Scarcity | ganntanas |
| mixture | meascán |

**Ceist 2**

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

**Ceist 3**

1. Thángthas ar ógánach seacht mbliana d'aois go luath maidin inné agus é gan aithne gan urlabhra ina luí ar an tsráid sa Mhuileann gCearr. Buaileadh an fear eile, sé bliana is fiche, go dona tinn ina árasán i mBaile Longfoirt, oíche Dé Sathairn. Níl na Gardaí cinnte go fóill an raibh aon bhaint ag drugaí lena dtinneas.
2. Deir sé go bhfuil fadhb cócaoin ann le dhá nó trí bliana anuas, go bhfuil an fhadhb go forleathan ar fud na cathrach. Agus, cúig bliana ó shin, nuair nach raibh duine ar bith ag glacadh cócaoin, sa lá atá inniu ann, tá an t-uafás daoine á ghlacadh.
3. Léirigh fiosrúchán a rinne an clár *Prime Time* atá á chraoladh ar RTÉ anocht go bhfuarthas rian den druga cócaon i níos mó ná nócha faoin gcéad de thithe tábhairne agus clubanna oíche a ndearnadh tástálacha iontu.
4. Deir sé gurb é an grúpa is mó a bhaineann úsáid as cócaon ná fir, fir atá ag obair, fir atá go maith as, nach bhfuil ganntanas airgid acu. Agus tá siad ag baint úsáide as alcól agus cócaon agus tá dainséar an-mhór as an meascán sin a dhéanamh, a deir sé.

**Ceist 4**

Is forainm comhshuite é '*ar fud*' agus bíonn ainmfhocal a thagann ina dhiaidh sa tuiseal ginideach '*na cathrach'.*

1. le linn: Chaith mé a lán airgid le linn na saoire.
2. in aice: Is breá liom a bheith in aice na farraige.
4. ar feadh: Beidh mé sa Fhrainc ar feadh na míosa.
5. os comhair: Tá mo charr os comhair an tí.
6. tar éis: Mothaím i bhfad níos fearr tar éis an chomhrá a bhí againn.
7. os cionn: Fágfaidh mé an eochair duit os cionn an dorais.
8. i gceann: Beidh mé ar laethanta saoire i gceann coicíse.
9. ó thaobh: Bhí an ceart iomlán ag Pól ó thaobh na haimsire de.
10. ar bord: Bhí orm mo ghuthán póca a mhúchadh mar bhí mé ar bord an eitleáin.

**Ceist 5**
Tabhair seans do gach beirt cuntas a scríobh ar an chuntas ag úsáid na bhfocal faoi cheist 1.

**Eimear Ní Chonaola**
Tá na gardaí i mbun fiosraithe faoin gcúis gur thit beirt fhear óga as a seasamh i rith an deireadh seachtaine. Tá bail sheasmhach anois ar an mbeirt in ospidéal i lár tíre, sa Mhuileann gCearr agus sa Tulach Mhór. Níltear cinnte go fóill an raibh aon bhaint ag drugaí leis an scéal. Tá tuairisc ag Peadar Mac Goithín.

**Peadar Mac Goithín**
Thángthas ar ógánach seacht mbliana d'aois go luath maidin inné agus é gan aithne gan urlabhra ina luí ar an tsráid sa Mhuileann gCearr. Buaileadh an fear eile, sé bliana is fiche, go dona tinn ina árasán i mBaile Longfoirt, oíche Dé Sathairn. Níl na Gardaí cinnte go fóill an raibh aon bhaint ag drugaí lena dtinneas. Tá dochtúirí ag éirí imníoch faoin méadú i líon na ndaoine a thagann chucu le tinneas a bhaineann le drugaí, go háirithe cócaon.

**An Dr. Niall Ó Cléirigh, Dr Teaghlaigh, BÁC.**
Le dhá nó trí bliana anuas tá fadhb cócaoin sa chathair anseo, tá sé go forleathan ar fud na cathrach. Agus, abair, cúig bliana ó shin, nuair nach raibh duine ar bith ag glacadh cócaoin, sa lá atá inniu ann, tá an t-uafás daoine á ghlacadh.

**Peadar Mac Goithín**
Léirigh fiosrúchán a rinne an clár *Prime Time* atá á chraoladh ar RTÉ anocht go bhfuarthas rian den druga cócaon i níos mó ná nócha faoin gcéad de thithe tábhairne agus clubanna oíche a ndearnadh tástálacha iontu.

**Pat Carey, TD, Aire Stáit**
Is é an grúpa is mó a bhaineann úsáid as cócaon ná fir, fir atá ag obair, fir atá go maith as, níl ganntanas airgid acu. Ach tá siad ag baint úsáide as alcól agus cócaon agus tá dainséar an-mhór as an meascán sin a dhéanamh.

**Peadar Mac Goithín**
Dúirt an tAire Stáit, Pat Carey, gur cheart do dhuine ar bith a bhfuil aon eolas acu faoi chócaon agus na háiteanna a bhfuil sé ar fáil, é sin a chur in iúl do na Gardaí.

Peadar Mac Goithín, Nuacht TG4.